# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2015

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Gnáthleibhéal

## Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

**1.** Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

**2.** Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

**3.** Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

**4.** Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

**5.** Dírítear aird an Scrúdaitheora Chúnta ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **lch. 9** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

| Roinn I | Cluastuiscint | (40 marc) |
|---|---|---|

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

## Treoracha

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta , glac leis mar fhreagra**.**

2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach **pictiúr nó litir amháin a roghnú** i ngach cás.

**N.B**. Glac le **tic** (✓) **in aice nó ciorcal timpeall na litreach** sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

*************************************************************************************

Tá **ceithre cheist déag** san áireamh i **Roinn 1** (An Triail Chluastuisceana).

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

Cuid A - C1. + C.2. = 16 mharc

## Cuid B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Fógra) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. ( Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

Cuid B - C1. + C.2. = 12 mharc

## Cuid C (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

Cuid C - C1. + C.2. = 12 mharc

Roinn I (An Triail Chluastuisceana) – Cuid A + Cuid B + Cuid C = 40 marc

| Roinn II | Léamhthuiscint | 120 marc |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc
**Ceist 2** = Fógraí = 30 marc
**Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc

C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

**C.2** **Trí** Fhógra. Freagair do rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**(a)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(b)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(c )** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

Rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**C.3** **Dhá** Shliocht Leanúnach**:** Freagair (a) **agus** (b) = 30 + 30 = 60 marc

**(a)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc + (**vi**) = 6 mharc

= 6 mharc x 5 = 30 marc

**(b)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc + (**vi**) = 6 mharc

= 6 mharc x 5 = 30 marc

| **Roinn III** | **Ceapadóireacht** | **80 marc** |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 4** = Cárta Poist = 20 marc
**Ceist 5** = Blag / Cuntas = 20 marc
**Ceist 6** = Litir *nó* Alt / Cuntas = 40 marc

C.4 + C.5 + C.6 = 80 marc

**Treoir** maidir le do chuid mharcála i Roinn III:

Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'. Feic lch **6-9**.

- ✓ **Eolas** = Comhlíonadh na bpointí atá luaite.
- ✓ **Gaeilge =** Cumas Cumarsáide /Aimsirí / Saibhreas Foclóra / Forbairt

## C. 4 Cárta Poist 20 marc

- ✓ **Eolas:** marc as 5 mharc
- ✓ **Gaeilge:** blocmharc as 15 mharc

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

## C. 5 Blag / Cuntas 20 marc

- ✓ **Eolas:** 1 mharc x 4 = 4 mharc

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 16 mharc

**C. 6** Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt** / **Cuntas** **40 marc**

**(a) Litir:**

✓ **Foirmlí:** = 4 mharc

| | |
|---|---|
| **seoladh** | = 1 mharc |
| **dátaí** | = 1 mharc |
| **beannú** | = 1 mharc |
| **síniú scoir** | = 1 mharc |

✓ **Eolas:** 4 mharc x 2 = 8 marc

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 28 marc

**(b) Alt/Cuntas**

✓ **Eolas:** 2 mharc x 5 = 10 marc

[**Eolas** :pointe amháin eolais as gach sraith (bosca) + pointe eolais ar bith eile as sraith (bosca) ar bith]

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 30 marc

**Treoir**: I **Roinn III** (**C.4**, **C.5**, **C.6**) má bhronntar '0'**(náid)** ar **Eolas** bronntar 0 (**náid**) ar **Ghaeilge.**

## Táblaí Coibhnis

Má tá pointí ar lár san **Eolas** i gCeist **1**, i gCeist **2** agus i gCeist **3** caithfidh **coibhneas** a bheith idir an marc don **eolas** agus an marc is airde gur féidir a bhronnadh ar an **nGaeilge.**

## **Ceist 4** (Cárta Poist)

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 3 mharc | A 3<br>B 2<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 6 mharc | A 5-6<br>B 4<br>C 3<br>D 2<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 9 marc | A 7-9<br>B 6<br>C 5<br>D 4<br>E 3<br>F 1<br>NG 0 |
| 4 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 5 phointe | as 15 mharc | A 13-15<br>B 10-12<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 1 |

# Ceist 5 Cuntas/Blag

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 8 mharc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 4 phointe | as 16 marc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

# Ceist 6 (a) Litir

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | as 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | as 28 mharc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

## Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | as 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | as 30 marc | A 26-30<br>B 21-25<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |

# Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

**1)** Iarrthóirí a bhfuil cealú (waiver) ceadaithe dóibh maidir le **litriú** agus **gramadach**.
**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

**2)** Iarrthóirí a **d'úsáid**:

- scríobhaí (scribe)
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire**.**

**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu, **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar **'drochlitriú'** ná ar '**easpa cruinnis sa ghramadach'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar **luacháil chéimithe** don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó/di:

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 13** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 14/15** | **→15mharc** |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 15/16** | **→16mharc** |

**Ceist 6 (a) Litir**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 24** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 25/26/27/28** | **→28 marc** |

**Ceist 6 (b) Alt/Cuntas**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 26** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 27/28/29/30** | **→30 marc** |

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bhfreagarleabhar,** taobh **istigh** agus ar an **gclúdach** taobh **amuigh.**

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

**(240 marc)**

# FREAGRAÍ SAMPLACHA

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **1**. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | 200 |
| **Nóta**: ☞ Ní mór an marc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

**ROINN I – CLUASTUISCINT**

| | CUID A | | CUID B | | CUID C | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist** | **1** | **2** | **1** | **2** | **1** | **2** |
| **Marc** | 8 | 8 | 6 | 6 | 6 | 6 |

☞

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| **ROINN** | **CEIST** | **MARC** |
| **II** | **1** | 30 |
| | **2** | 30 |
| | **3** | 60 |
| **III** | **4** | 20 |
| | **5** | 20 |
| | **6** | 40 |
| **IOMLÁN** ☞ | | 200 |
| **CLUASTUISCINT** ☞ | | 40 |
| **MÓRIOMLÁN** ☞ | | 240 |
| **GRÁD** ☞ | | A |

**Thall** →

**ROINN I – CLUASTUISCINT** **(40 marc)**

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

**Cuid A** = C1. + C.2. = 16 mharc

**1.** **An Chéad Chainteoir.**

*Conas atá sibh? Seán Tóibín is ainm dom. Is as Gaeltacht na nDéise i gContae Phort Láirge mé. Is áit aoibhinn í m'áit dúchais agus tagann a lán cuairteoirí anseo i rith an tsamhraidh. Tá deartháir amháin agam. Tá sé ocht mbliana d'aois. Is maith leis an banna ceoil One Direction. Is breá liom féin spórt agus imrím sacar agus cispheil.*

| **Ainm** | | |
|---|---|---|
| Cathain a thagann a lán cuairteoirí chuig áit dúchais Sheáin? | • **I rith an tsamhraidh** | **3 mharc** |
| Cén aois atá ag a dheartháir? | • **Ocht mbliana d'aois** | **3 mharc** |
| Ainmnigh spórt **amháin** a imríonn Seán? | • **Sacar / cispheil** | **2 mharc** |

**8 marc**

**2.** **An Dara Cainteoir**

*Dia is Muire daoibh. Is mise Natalia Jablonski. Sa Pholainn a rugadh mé sa bhliain 2002. Tháinig mo thuismitheoirí go hÉirinn in 2005. Ta mé i mo chónaí i Mullach Íde i gContae Bhaile Átha Cliath. Táim ag freastal ar ghaelscoil. Tá cúigear i mo theaghlach, mo mháthair, m'athair, mo bheirt deirfiúracha agus mé féin. Taitníonn an t-amhránaí, Ed Sheeran, thar barr liom.*

| **Ainm** | ***Aodh Ó Gallchóir*** | |
|---|---|---|
| Cén bhliain a rugadh Natalia? | • **2002** | **3 mharc** |
| Cá bhfuil Natalia ina cónaí anois? | • **Mullach Íde/Baile Átha Cliath/Contae Bhaile Átha Cliath/Éirinn** | **3 mharc** |
| Cé mhéad deirfiúr atá aici? | • **Beirt / 2** | **2 mharc** |

**8 marc**

## CUID B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg
**C.1.** ( Fógra) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. ( Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

**Cuid B** = C1. + C.2. = 12 mharc

**1.** **Fógra**

*Gabhaigí mo leithscéal. An Príomhoide anseo. Goideadh trí rothar as seid na rothar inné. Tá na gardaí ag fiosrú an scéil. Má tá eolas ag aon duine a chuideodh leis na gardaí is féidir labhairt liomsa faoi i rith an lae. Go raibh maith agaibh.*




**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? **A** **= 3 mharc**

**(b)** Cathain is féidir labhairt leis an bPríomhoide?

**(a)** amárach

**(b)** Dé hAoine

**(c)** i rith an lae

**(d)** i gceann cúpla lá **C** = **3 mharc**

**6 mharc**

**2.** **Píosa Nuachta**

*Bhí na sluaite i láthair ag Féile Ráth Chairn i gCo. na Mí an deireadh seachtaine seo caite. San Ionad Pobail agus sa Chlubtheach a bhí na himeachtaí ar siúl. Is é an t-ainm atá ar an gclubtheach ná An Bradán Feasa. Bhí spraoi agus spórt ag chuile dhuine.*



**(a)**



**(b)**



**(c)**




**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **D** **= 3 mharc**

**(b)** Cathain a bhí Féile Ráth Chairn ar siúl?

(a) an bhliain seo caite

(b) arú inné

(c) an deireadh seachtaine seo caite

(d) cúpla lá ó shin

**C** = **3 mharc**

**6 mharc**

**CUID C (12 mharc)**

4 mhír eolais á lorg
**C.1.** (Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc


**Cuid C =** C1. + C.2. = 12 mharc

**1.** **Comhrá a hAon**

***An Chéad Mhír***

**Siobhán**: *Háigh, a Thiarnáin. Fuair mé an ríomhphost uait.*
**Tiarnán**: *Ó, go hiontach, a Shiobhán. Ar oscail tú an ceangaltán a bhí leis?*
**Siobhán**: *D'oscail cinnte. Pictiúr gleoite é de lon dubh.*
**Tiarnán**: *Mé féin a thóg é le mo i-fón.*
**Siobhán**: *Ba chóir duit é a chur isteach ar chomórtas grianghrafadóireachta na scoile.*


**(a)**


**(b)**


**(c)**


**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a thóg Tiarnán lena *i*-fón? **b** **= 3 mharc**

**An Dara Mír**

**Tiarnán**: *Cuirfidh mé. Cad atá ar siúl agat féin?*
**Siobhán**: *Táim ag obair sa ghairdín, creid é nó ná creid.*
**Tiarnán**: *Glasraí nó bláthanna?*
**Siobhán**: *Glasraí sa chúlghairdín.*
**Tiarnán**: *Nach tusa a mhol gairdín glasraí a dhéanamh sa scoil?*
**Siobhán**: *Is mé ach bhí a fhios agam go raibh spéis mhór ag Bean Uí Chinnéide sa gharraíodóireacht.*
**Tiarnán**: *Tá an-creidiúint ag dul duitse mar sin féin.*

**(b)** Cá bhfuil Siobhán ag obair?

(**a**) sa chistin

(**b**) sa gharáiste

(**c**) san oifig

**(d)** **sa ghairdín** **d** **= 3 mharc**

**6 mharc**

2. **Comhrá a Dó**

***An Chéad Mhír***

**Brian**: *Brian anseo. Goidé mar atá tú, a Mhuireann?*
**Muireann**: *Tá mé go maith, a Bhriain. Tá mé i scuaine taobh amuigh den 3-Aeiréine i mBaile Átha Cliath.*
**Brian**: *Cad chuige a bhfuil tú ansin, a Mhuireann?*
**Muireann**: *Tá mé ar mo bhealach isteach chuig ceolchoirm de chuid Lady Gaga*.
**Brian:** *Ó, nach méanar duit.*



**(a)**


**(b)**



**(c)**


**(d)**

**(a)** Cá bhfuil Muireann? **a** **= 3 mharc**

**An Dara Mír**

**Brian**: *Cén t-am a thosóidh an cheolchoirm?*
**Muireann**: *Ní thosóidh sí go dtí a hocht.*
**Brian**: *Tá tú an-luath. Níl sé ach a cúig anois.*
**Muireann**: *Ach dúnfar na doirse ar a sé.*
**Brian**: *Bain sult as.*
**Muireann**: *Cuirfidh mé scairt ort amárach.*

***An Dara Mír***

**(b)** Cén t-am a dhúnfar na doirse?

(**a**) leathuair tar éis a cúig

**(b)** **ar a sé**

**(c)** ceathrú chun a seacht

**(d)** ar a hocht

**b** **= 3 mharc**

<u>**6 mharc**</u>
<u>**28 + 12 = 40**</u>

**30 marc**

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT (120 marc)

**gair gach ceist**. **Scríobh na freagraí ar na ceisteanna sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo**.

| |
|---|
| **Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc, **Ceist 2** = Fógraí = 30 marc, **Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc<br>**C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc** |

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

**CEIST 1.** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. **(30 marc)**

1 **Caillte**
Fón Póca
Fón: 01-543827

2 **Ná cas ar dheis**

3 **Bearbóir**
Ar oscailt 9 a.m. - 7 p.m.
Dé Luain - Dé Sathairn

4 **Comórtas Cócaireachta**
Do dhéagóirí
Idir 14 - 16 bliana

5 **Lacáistí móra!**
Ar ríomhairí

6 **Aire!**
Páistí ag súgradh

7 **Ag teastáil**
Siúinéir maith
Fón: 087-706254

8 **Cruinniú tar éis scoile**
Sa seomra ranga
4 p.m. – 5 p.m.

9 **Ar Fáil**
Coileán madra
Oiriúnach do pháistí óga

10 **TG4**
An aimsir amárach
Fuar agus fliuch
































| Uimhir | Litir | Marc |
|---|---|---|
| 1 | D | 3 mharc |
| 2 | G | 3 mharc |
| 3 | J | 3 mharc |
| 4 | A | 3 mharc |
| 5 | I | 3 mharc |
| 6 | H | 3 mharc |
| 7 | B | 3 mharc |
| 8 | F | 3 mharc |
| 9 | E | 3 mharc |
| 10 | C | 3 mharc |

| | |
|---|---|
| Don Scrúdaitheoir<br>**Iomlán reatha→** | |

**15 + 15 = 30**

**CEIST 2.** Freagair do rogha **dhá** cheann de (**a**), (**b**), (**c**). **(30 marc)**

**(a)** Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Ionad Siopadóireachta Nua

## Cill Airne

**Ag oscailt**
**Dé Sathairn 18 Iúil 2015**

**Saghas Siopaí**

- Faisean – éadaí ban, fear agus déagóirí
- Teicneolaíocht – teilifíseáin, ríomhairí agus fóin
- Leabhair agus bréagáin do pháistí
- Sláinte agus áilleacht

**Siopaí ar oscailt**

- Dé Luain – Dé hAoine: 9.00 a.m. - 9.00 p.m.
- Dé Sathairn: 9.00 a.m. – 7.00 p.m.
- Dé Domhnaigh: 10.00 a.m. – 7.00 p.m.

**Páirceáil**

- Carrchlós ar oscailt go dtí 10 p.m.
- Spás do 2000 carr
- Saor in aisce ar feadh 2 uair an chloig
- €1 ar gach uair an chloig ina dhiaidh sin

*Sábháil 10% ar earraí i ngach siopa le cárta dílseachta*

**Tuilleadh eolais**
**Fón**: 066 - 716150 **Ríomhphost**: eolas@isc.ie **Brabhsáil**: www.isc.ie

**(i)** Cathain a bheidh an t-ionad siopadóireachta nua ag oscailt?

***Beidh an t-ionad siopadóireachta nua ag oscailt Dé Sathairn 18 Iúil 2015.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Luaigh **dhá rud** atá ar díol sa siopa teicneolaíochta.

***Tá teilifíseáin/ríomhairí/fóin ar díol.*** **(3 + 2) = 5 mharc**

**(iii)** Cén t-am a bheidh na siopaí ar oscailt ar an Satharn?

***Beidh na siopaí ar oscailt Dé Sathairn: 9.00 a.m. – 7.00 p.m*** **= 5 mharc**

<u>**15 mharc**</u>

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 30 + 30 | = | 60 |
|---|---|---|---|

**(b)** Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Do Chomhairle Contae

*Ag freastal ortsa agus ar do cheantar áitiúil*

**Tá deontas airgid ar fáil**

- Clubanna spóirt
- Ealaíontóirí agus grúpaí ealaíne
- Féilte agus imeachtaí éagsúla eile

**An timpeallacht sa cheantar**

- Glantar sráideanna agus bóithre go rialta
- Coimeádtar gairdíní agus páirceanna poiblí go deas néata
- Tugtar aire d'ainmhithe atá ar strae nó caillte

**Le teacht**

- Níos mó spásanna páirceála do rothair
- Leabharlann nua ina mbeidh:
  (i) clubanna leabhar do dhaoine idir óg agus aosta
  (ii) clubanna caitheamh aimsire
  (iii) ranganna teanga

**Teagmháil**

**Fón**: 051- 4597312 **Ríomhphost**: eolas@comhairlecontae.ie
**Brabhsáil**: www.comhairlecontae.ie

**(i)** Cad atá ar fáil do chlubanna spóirt?

**Tá deontas airgid ar fáil do chlubanna spóirt.** **= 5 mharc**

**(ii)** Cad a choinníonn an Chomhairle Contae go deas néata?

***Coinníonn siad gairdíní poiblí agus páirceanna poiblí go deas néata.*** **(3 + 2)** **= 5 mharc**

**(iii)** Luaigh **rud amháin** a bheidh ar siúl sa leabharlann nua.

***Beidh clubanna leabhar do dhaoine idir óg agus aosta / clubanna caitheamh aimsire / ranganna teanga ar siúl sa leabharlann nua.*** **= 5 mharc**

**<u>15 mharc</u>**

(**c**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Gaelscoil Naomh Eoin

*Lá spraoi agus craic*

Rith **nó** Siúil cúig chiliméadar

Chun airgead a bhailiú ar son na scoile

**Dé Sathairn 20 Meitheamh 2015**

**Foirmeacha iontrála ar fáil**

- Dé Sathairn idir 9.00 a.m. – 9.30 a.m.
- I halla na scoile
- Costas: €5 an duine

**Cártaí urraíochta**

- Ar fáil ó oifig na scoile
- Le bheith ar ais ar 20 Meitheamh ar a dhéanaí

**Fáilte roimh gach duine**

- Idir óg agus aosta
- Aclaí agus neamhaclaí
- Tabhair leat do chairde

**Ag meán lae**

- Cupán tae agus ceapairí
- Bronnadh duaiseanna
- Caint agus comhrá

**Tuilleadh Eolais**

**Fón**: 01- 685049 **Ríomhphost**: eolas@naomheoin.ie **Brabhsáil**: www.naomheoin.ie

**(i)** Cá fhad a bheidh le rith nó le siúl?

***Beidh cúig chiliméadar le rith nó le siúl.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Cá bhfuil na cártaí urraíochta ar fáil?

***Tá na cártaí urraíochta ar fáil ó oifig na scoile.*** **= 5 mharc**

**(iii)** Cén t-am a bhronnfar duaiseanna?

***Bronnfar duaiseanna ag meán lae.*** **= 5 mharc**

**15 mharc**

60

# 30 + 30

**(i)** = 6 mharc + **(ii)** = 6 mharc + **(iii)** = 6 mharc + **(iv)** = 6 mharc + **(v)** = 6 mharc: = **(6 x 5 = 30 marc)**

**CEIST 3.** Freagair (**a**) *agus* (**b**) anseo. **(60 marc)**

**(a)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

## Briege Corkery - pearsa spóirt

**Briege Corkery**

**1.** Tá Briege Corkery i mbéal an phobail le fada an lá. Is imreoir peile agus camógaíochta í le foireann pheile na mban agus leis an bhfoireann chamógaíochta i gCorcaigh. Is iontach an rud é go bhfuil sí in ann an dá chluiche a imirt ag an leibhéal is airde. Tá sé dochreidte an oiread bonn agus gradam atá buaite aici idir an dá chluiche.

**2.** Tá naoi mbonn uile-Éireann buaite aici i bPeil na mBan agus cúig cinn sa Chamógaíocht. Bronnadh trí ghradam *All-Star* camógaíochta uirthi agus fuair sí a hochtú gradam *All-Star* i bPeil na mBan in 2014. In 2005 bronnadh an gradam *Imreoir Spóirt na Bliana* uirthi i spórt na mban toisc gur imir sí ar fheabhas sa pheil agus sa chamógaíocht an bhliain sin. In 2008 bronnadh gradam Texaco le haghaidh *Imreoir na Bliana* uirthi.

**3.** Rugadh Briege Corkery i 1986. Tá sí ina cónaí i Maigh Chromtha, Co. Chorcaí. Tá sé sin an-oiriúnach di mar ní thógann sé ach timpeall daichead nóiméad uirthi dul go dtí na seisiúin traenála sa pheil agus sa chamógaíocht. Is saor cloiche í. Taitníonn an obair sin go mór léi.

**4.** Ba mhian léi i gcónaí dul ag taisteal. Sa bhliain 2010, mar sin, ghlac sí sos ón spórt agus chuaigh sí timpeall an domhain lena stócach. Bhain sí an-taitneamh as an turas sin. Thug siad cuairt ar an Téalainn ar feadh seachtaine i dtús báire. Ansin, chaith siad sé mhí san Astráil, ceithre mhí sa Nua-Shéalainn agus dhá mhí i Meiriceá.

**5.** Nuair a d'fhill Briege abhaile go Corcaí, bhí fonn uirthi tosú ag imirt arís. Tá sí chomh maith fós is a bhí riamh. Anuraidh, bhí sí ina captaen ar fhoireann Chorcaí a bhuaigh Craobh na hÉireann i bPeil na mBan. Cúpla seachtain roimhe sin bhuaigh sí bonn uile-Éireann leis an bhfoireann chamógaíochta. Is dócha gurb í Briege Corkery an t-imreoir ban is fearr a d'imir cluichí gaelacha riamh. Gura fada buan í ar pháirc na himeartha.

**(i)** Cad iad an **dá** spórt a imríonn Briege Corkery? (**Alt 1**)
***Imríonn Briege Corkery peil agus camógaíocht.*** **(3 + 3) = 6 mharc**

**(ii)** Cén fáth ar bronnadh an gradam *Imreoir Spóirt na Bliana* uirthi in 2005? (**Alt 2**)
***Toisc gur imir sí ar fheabhas sa pheil agus sa chamógaíocht an bhliain sin.*** **= 6 mharc**

**(iii)** Cá fhad a thógann sé ar Briege taisteal chuig na seisiúin traenála? (**Alt 3**)
***Tógann sé timpeall daichead nóiméad uirthi taisteal chuig na seisiúin traenála.*** **= 6 mharc**

**(iv)** Céard ba mhian le Briege a dhéanamh i gcónaí? (**Alt 4**)
***Ba mhian léi i gcónaí dul ag taisteal***. **= 6 mharc**

**(v)** Cad a bhuaigh Briege sa chamógaíocht anuraidh? (**Alt 5**)
***Bhuaigh sí bonn uile-Éireann leis an bhfoireann chamógaíochta.*** **= 6 mharc**
**Bhuiagh sí Craobh na hÉireann sa chamógaíochta anuraidh.** **<u>30 marc</u>**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 60 + 60 | = | 120 |

(b) **(i)** = 6 mharc + **(ii)** = 6 mharc + **(iii)** = 6 mharc + **(iv)** = 6 mharc + **(v)** = 6 mharc: = **(6 x 5 = 30 marc)**

**(b)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

# Tom Vaughan Lawlor

**1.** Aisteoir den scoth is ea Tom Vaughan Lawlor. Tá a lán aisteoireacht stáitse agus teilifíse déanta aige. Tá gach duine ar fud na tíre, agus thar lear fiú, á mholadh as an bpáirt a bhí aige sa dráma *Love/Hate* ar RTÉ le cúpla bliain anuas. As feabhas a chuid aisteoireachta bhuaigh sé gradaim IFTA don ról sin.

**2.** Is as Baile Átha Cliath do Tom Vaughan Lawlor. Rugadh i nDún Droma é sa bhliain 1977. Tá triúr deirfiúracha aige. Is aisteoir a athair leis agus tá suim ag an teaghlach go léir sna healaíona. Théadh sé go dtí an amharclann agus go dtí an phictiúrlann go rialta nuair a bhí sé ag fás aníos.

**3.** D'fhreastail Tom Vaughan Lawlor ar mheánscoil Choláiste De La Salle, Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath. Chuaigh sé go Coláiste na Tríonóide agus bhain sé céim amach sa drámaíocht ann. Ansin chuaigh sé thar sáile go Londain agus lean sé lena chuid staidéir sa *Royal Academy of Dramatic Art*.

**4.** Tá Tom pósta le Claire Cox. Is as Sasana di agus is aisteoir í freisin. Tá mac amháin acu. Freddie is ainm dó. Tá cónaí orthu in Kent, Sasana. Níl aithne ag mórán daoine ar Tom i Sasana. Is maith leis é sin mar bíonn saoirse aige nuair a théann sé amach.

**5.** Bhí páirt lárnach ag Tom Vaughan Lawlor sa tsraith teilifíse *Charlie*, dráma faoi Chathal Ó hEochaidh a bhíodh ina Thaoiseach ar Éirinn. Deir Tom go bhfuil tóir air mar aisteoir faoi láthair agus go bhfuil a lán oibre aige. Tá súil aige go leanfaidh sé mar sin, agus níl dabht ach go leanfaidh.

(i) Cén saghas aisteoireachta atá déanta ag Tom Vaughan Lawlor? (**Alt 1**)
***Tá a lán aisteoireacht stáitse agus teilifíse déanta aige.*** **(3 + 3) = 6 mharc**

(ii) Cá dtéadh Tom go rialta nuair a bhí sé ag fás aníos? (**Alt 2**)
***Théadh sé go dtí an amharclann agus go dtí an phictiúrlann go rialta.*** **( 3 + 3) = 6 mharc**

(iii) Cén coláiste inar bhain sé amach céim sa drámaíocht? (**Alt 3**)
***Bhain sé céim amach sa drámaíocht i gColáiste na Trionóide.*** **= 6 mharc**

(iv) Cárb as do Claire Cox? (**Alt 4**)
***Is as Sasana di.*** **= 6 mharc**

(v) Ainmnigh an Taoiseach a raibh an tsraith teilifíse *Charlie* bunaithe ar a shaol. **(Alt5)**
***Cathal Ó hEochaidh.*** **= 6 mharc**

<u>**30 marc**</u>

| Roinn III | Scríobh na Teanga | Gach gach ceist le freagairt | 80 marc |
|---|---|---|---|

**C.4** = **Cárta Poist** = 20 marc; **C.5** = **Blag / Cuntas** = 20 marc; **C.6** = **Litir *nó* Alt / Cuntas** = 40 marc

**C**.4 + **C**.5 + **C**.6 = 80 marc

**20**

## C. 4 Cárta Poist 20 marc

Tá tú ar saoire le do theaghlach. Scríobh **cárta poist** chuig do chara.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

**Na Pointí Eolais/ Tascanna luaite**

**P1:** an áit ina bhfuil tú ar saoire
**P2:** rud **amháin** a rinne tú le do theaghlach ann
**P3:** an aimsir
**P4:** rud **amháin** faoin áit nach maith leat
**P5:** cathain a fhillfidh tú abhaile.

**Na Marcanna don Eolas (marc as 5 mharc)**

| | |
|---|---|
| **Cúig cinn** de na pointí eolais luaite | **= 5 mharc** |
| **Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite | **= 4 mharc** |
| **Trí cinn** de na pointí eolais luaite | **= 3 mharc** |
| **Dhá cheann** de na pointí eolais luaite | **= 2 mharc** |
| **Ceann amháin** de na pointí eolais luaite | **= 1 mharc** |

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

✓ **Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 5 mharc
✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.
✓ **N.B**. Má tá sé soiléir nach bhfuil an t-iarrthóir in **ar Saoire, bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh** mar níl an tasc comhlíonta.
✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide **15 mharc**

✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.

✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'.

**Eolas:** 5 mharc
**Gaeilge:** 15 mharc

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 120 + 20 | = | 140 |
|---|---|---|---|

# **Ceist 4** (Cárta Poist)

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 3 mharc | A 3<br>B 2<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 6 mharc | A 5-6<br>B 4<br>C 3<br>D 2<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 9 marc | A 7-9<br>B 6<br>C 5<br>D 4<br>E 3<br>F 1<br>NG 0 |
| 4 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 5 phointe | as 15 mharc | A 13-15<br>B 10-12<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 1 |

**20** **ST 5.** **(20 marc)**

Is tusa Pádraig *nó* Aoife sna pictiúir thíos. Scríobh cuntas / blag faoi na rudaí a tharla sna **Pictiúir 1-3**.




| **Pictiúr 1**<br>Cuireadh | **Pictiúr 2**<br>Glacadh leis an gcuireadh | **Pictiúr 3**<br>Eolas faoi oíche na ceolchoirme | **Pictiúr 4**<br>Cuntas/Blag |
|---|---|---|---|

Luaigh **sa chuntas / sa bhlag:**

- cén fáth a raibh tú ar an bhfón (**Pictiúr 1** = pointe eolais amháin)
- cad a tharla ansin (**Pictiúr 2** = pointe eolais eile)
- cuntas ar an oíche ag an gceolchoirm (**Pictiúr 3** = dhá phointe eolais)

**Ceolchoirm**

**Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite **= marc as 4 mharc.**
**Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.**
**N.B.** Muna ndéantar tagairt do **'ceolchoirm' bain (-3 mharc) den mharc** a bronnadh mar níl an tasc comhlíonta.

**Na Marcanna don Eolas (marc as 4 mharc)**
**Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite **= 4 mharc**
**Trí cinn** de na pointí eolais luaite **= 3 mharc**
**Dhá cheann** de na pointí eolais luaite **= 2 mharc**
**Ceann amháin** de na pointí luaite **= 1 mharc**

- ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 16 mharc**
- ✓ ‘0’**(náid)** ar eolas ➔ ‘0’**(náid)** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’

**Eolas:** 4/4
**Gaeilge:** 16/16

# Ceist 5 Cuntas/Blag


| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 8 mharc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 4 phointe | as 16 marc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

40

**CEIST 6.** Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt / Cuntas** anseo. **(40 marc)**

**(a) Litir**

Bhris gadaí isteach i do theach. Scríobh litir chuig d'uncail atá ina chónaí thar lear ag insint dó cad a tharla.




Luaigh na pointí seo sa litir:

- ✓ **Eolas** = as 8 marc (2 mharc x 4) = 8 marc
- ✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.

| | |
|---|---|
| **Na Pointí Eolais / Tascanna luaite**<br>**P.1** conas a bhris an gadaí isteach sa teach<br>**P.2** na rudaí a ghoid an gadaí<br>**P.3** an damáiste a rinneadh sa teach<br>**P.4** cad a rinne na gardaí | **Foirmlí: = 4 mharc**<br>**seoladh = 1 mharc**<br>**dátaí = 1 mharc**<br>**beannú = 1 mharc**<br>**síniú scoir = 1 mharc** |
| **Na Marcanna don Eolas (marc as 8 mharc)**<br>**Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite **= 8 marc**<br>**Trí cinn** de na pointí eolais luaite **= 6 mharc**<br>**Dhá cheann** de na pointí eolais luaite **= 4 mharc**<br>**Ceann amháin** de na pointí luaite **= 2 mharc** | ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: blocmharc as **28 marc**<br>✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.<br>✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**' |

**F= 4/4**
**E= 8/8**
**G=28/28**
**[C.6 (a) = 40]**

# Ceist 6 (a) Litir

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | as 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | as 28 mharc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

(**b**) **Alt / Cuntas** (15 líne nó mar sin).

Is tusa Sinéad *nó* Colm, duine de na daoine óga atá sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.




| **Na Marcanna don Eolas (marc as 10 marc)** | **Na Pointí Eolais / Tascanna luaite** |
|---|---|
| **Cúig cinn** de na pointí luaite **= 10 marc** | **Pointe 1** as Sraith Pictiúr 1 |
| **Ceithre cinn** de na pointí luaite **= 8 marc** | **Pointe 2** as Sraith Pictiúr 2 |
| **Trí cinn** de na pointí luaite **= 6 mharc** | **Pointe 3** as Sraith Pictiúr 3 |
| **Dhá cheann** de na pointí luaite **= 4 mharc** | **Pointe 4** as Sraith Pictiúr 4 |
| **Ceann amháin** de na pointí luaite **= 2 mharc** | **Pointe 5** as Sraith Pictiúr ar bith. |

**Gaeilge:**

- ✓ Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 30 marc**
- ✓ '0'**<u>(náid)</u>** ar eolas ➔ '0'**<u>(náid)</u>** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'

**E= 10/10**
**G=30/30**
**[C.6 (b) = 40]**

# Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | as 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | as 30 marc | A 26-30<br>B 21-25<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |